**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000024/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Kathleen Van Brempt**
on behalf of the Special Committee on the COVID-19 pandemic: lessons learned and recommendations for the future
**Pascal Canfin**
thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: COVID-19 - Ullmhacht agus Freagairt an Aontais a Chothú: Ag breathnú chun cinn

An 27 Aibreán 2022, ghlac an Coimisiún a theachtaireacht maidir le COVID-19 - Ullmhacht agus Freagairt an Aontais a Chothú: Ag breathnú chun cinn. Léirítear sa teachtaireacht cur chuige maidir le bainistiú paindéime sna míonna amach romhainn, ag bogadh ó staid éigeandála go bealach níos inbhuanaithe. Iarrann sí ar an Aontas agus ar na Ballstáit príomhghníomhaíochtaí a fhorbairt chun an tsláinte phoiblí a chosaint, agus an tsochaí agus an geilleagar a choinneáil oscailte agus athléimneach ag an am céanna.

Agus aird á tabhairt ar an méid sin:

1. Conas a fhorbróidh an Coimisiún straitéis chomhordaithe don chéad ghlúin eile de vacsaíní COVID-19 ar fud an tslabhra luacha ar fad? Conas a áiritheoidh an Coimisiún dáileadh cothrom vacsaíní agus teiripice, chomh maith le trédhearcacht aon straitéise vacsaíní agus teiripice a bheidh ann amach anseo? Conas a chuireann an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte le bearta meántéarmacha agus fadtéarmacha, agus conas a chuirfidh sé taighde poiblí Eorpach ar vacsaíní agus ar chóireálacha chun cinn? Conas a chuirfear staidéir neamhspleácha arna maoiniú ag AE san áireamh?

2. Conas a áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfaidh na Ballstáit vacsaíní COVID-19 a chomhtháthú ina gcláir náisiúnta vacsaínithe agus conas a thabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar na saincheisteanna a eascraíonn as barrachas vacsaíní? Conas a áiritheoidh sé go mbeidh an acmhainneacht agus na soláthairtí ag córais cúraim sláinte náisiúnta na mBallstát bainistiú a dhéanamh ar chásanna COVID-19 atá ag dul i méid agus ar ghalair eile a d’fhéadfadh brú a chur ar chórais, agus na grúpaí is leochailí á gcosaint ag an am céanna?

3. Conas a dhéanfaidh an Coimisiún faireachán agus a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit mífhaisnéis agus bréagaisnéis faoi COVID-19 agus faoi aon phaindéimí a bheidh ann amach anseo a laghdú agus a chosc? Conas a chuirfidh an Coimisiún san áireamh na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, agus cásanna paindéime amach anseo á réamh-mheas aige ag an am céanna?

4. Cé na gnéithe nithiúla de na córais faireachais faoin gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ maidir le pataiginí trasteorann a chuirfear san áireamh?

Curtha síos: 20.6.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 21.9.2022